An Roinn Oideachais agus Óige
Department of Education and Youth

Clár Samhraidh Bailebhunaithe 2026
Tairseach Ceada Ar-Líne
Treoir i gcomhair Scoileanna

Cúlra

Tá an Clár Samhraidh Bailebhunaithe ar fáil sa bhliain 2026 do na páistí sin a chomhlíonann na critéir incháilithe, agus dóibh siúd nach bhfuil clár scoilbhunaithe ar fáil dóibh.

Leanfaidh scoileanna ar aghaidh ag déanamh iarratais ar mhic léinn ar chlár baile ar an mbealach céanna agus a rinneadh sna blianta roimhe seo. Nuair a chuirtear iarratas isteach, gheobhaidh scoileanna ríomhphost ag admháil go bhfuarthas an t-iarratas.

Sa tseachtain dar tús 25 Bealtaine 2026, beifear ag plé le scoileanna ar bhonn aonair áit a bhfaighidh siad ríomhphost leantach ag deimhniú na scoláirí atá ceadaithe chun páirt a ghlacadh i gclár samhraidh scoilbhunaithe na bliana seo. Ní dhéanfar cinntí maidir le socrúchán linbh ar an gclár baile a chur in iúl do scoileanna agus do thuismitheoirí/chaomhnóirí ach amháin tar éis iarratais scoilbhunaithe a athbhreithniú.

Nóta: ní thagraíonn scoil ach amháin do scoil mar a thuigtear faoi Alt 10 (3) den Acht Oideachais 1998.

Critéir Incháilithe

Tá daltaí a bhfuil riachtanais chasta acu nach bhfuil aon chlár scoilbhunaithe ar fáil dóibh incháilithe do Chlár Bailebhunaithe 2026. Chun críocha an Chláir Bhaile, sainmhínítear daltaí a bhfuil riachtanais chasta acu mar:

1. Aon dalta a bhfuil i scoil speisialta nó rang speisialta - bíodh siad ar an mbunscoil nó ar an meánscoil

2. Daltaí a léiríonn na riachtanais is suntasaí i ranganna príomhshrutha i mbunscoileanna nó iar-bhunscoileanna **a bhfuil rochtain acu ar an leibhéal is airde den Leanúntas Tacaíochta (Tacaíocht Scoile Plus)**. Ina measc seo, beidh líon áirithe páistí a bhfuil riachtanais fad-téarma acu a imríonn tionchar go mór ar a gcumas foghlama, a gcumas gníomhú go h-aonarach, agus a gcumas páirt a ghlacadh san oideachas.

   Bíonn tacaíochtaí teagaisc agus foghlama breise atá an-indibhidiúlaithe, an-dian, agus spriocdhírithe ós rud é gur riachtanais bhuana iad a riachtanais speisialta oideachais, agus go mbíonn tionchar mór acu ar a gcuid foghlama agus rannpháirtíochta i dtimpeallacht na scoile. D'fhéafadh an méid seo a leanas a bheith ar na scoláirí seo:

   - Riachtanais shuntasach i dtaobh feidhmiú fisiciúil nó na gcéadfaí (lena n-áirítear daltaí atá Bodhar nó a bhfuil cailliúint éisteachta donna nó trom orthu, nó daltaí atá dall agus a bhfuil míchumas donna nó trom féachana acu).
   - Riachtanais shuntasacha i bhfeidhmiú cognaíochta agus neamhspleáchas/scileanna maireachtála lá go lá (lena n-áirítear daltaí a bhfuil míchumas foghlama idir meánach nó donna NÓ suntasach/trom orthu)

- Riachtanais shuntasacha i gcumarsáid shóisialta, in idirghníomhaíocht shóisialta agus patrún righin athfhillte iompair
- Daltaí le siondróm Down
- Daltaí a bhfuil riachtanais iompraíochta mhothúchánacha troma NÓ suntasacha orthu sa chaoi go bhfuil an iompar seo ag dul i bhfeidhm ar chumas foghlama an dalta, an cumas gníomhú go neamhspleách agus an cumas páirt a ghlacadh go h-iomlán i saol na scoile.

3. Tá scoláirí a bhfuil uathachas orthu incháilithe don Chlár seo.

4. Tá leanaí sna catagóirí thuas ag dul isteach i ranganna bunscoile agus luath-idirghabhála ASD i mí Mheán Fómhair 2026 incháilithe don chlár freisin

Tugann an clár samhraidh sa bhaile seo 10 uair in aghaidh na seachtaine, 4 sheachtain ar iomlán, de thacaíocht teagaisc nó cúraim do dhalta incháilithe amháin ar leith.

Na Céad Chéimeanna

- Ba cheart don scoil teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí na bpáistí incháilithe agus Foirm Iarratais le haghaidh Ceadaithe agus an cáipéis Achoimre/Téarmaí agus Coinníollacha, a sheol an Roinn chuig an scoil trí ríomhphost, a chur ar fáil dóibh.
- Má tá níos mó ná páiste incháilithe amháin sa teaghlach, ba cheart foirm ar leith do gach páiste incháilithe a thabhairt don tuismitheoir.
- Líonann an tuismitheoir an Fhoirm Iarratais le haghaidh Ceadaithe le sonraí a p(h)áiste agus a s(h)onraí teagmhála féin agus seolann sé/sí ar ais í chuig an scoil.
- Cuireann an scoil iarratas isteach ansin do gach páiste incháilithe ar an Tairseach don Chlár Samhraidh Bailebhunaithe atá ar fáil ag www.gov.ie/summerprogramme.
- **Ní mór d'iarratais a chur isteach faoin dáta deiridh mar a fhoilsítear ar www.gov.ie/summerprogramme.**

Eolas le cur isteach ar an tairseach ag an scoil chomh luath is atá an Fhoirm Iarratais le haghaidh Ceadaithe curtha i gcrích ag an tuismitheoir.

- ✓ Uimhir rolla na scoile
- ✓ Sonraí teagmhála an phríomhoide
- ✓ Bliain ranga an dalta don scoilbhliain 2025/26 (nó má tá an dalta ag dul isteach sa scoil i mí Mheán Fómhair 2026)
- ✓ Deimhniú go gcomhlíonann an dalta critéir incháilithe **amháin** don chlár
- ✓ Sonraí an dalta:
- ✓ Deimhniú nach bhfuil clár scoilbhunaithe á reáchtáil ag an scoil NÓ nach bhfuil spás ar fáil don dalta iarrthóra ar a gclár scoilbhunaithe.
- ✓ Deimhniú nach bhfuil an scoláire ag glacadh páirte i gclár scoilbhunaithe i scoil eile.
- ✓ Sonraí teagmhála an tuismitheora

Na Céad Chéimeanna Eile

- Nuair atá an t-iarratas curtha isteach ar an Tairseach agus nuair a faomhtar é, seolfar ríomhphost ceada chuig na seoltaí a cuireadh ar fáil ag an scoil agus an tuismitheoir
- Beidh nasc chuig an bhFoirm Éilimh Deontais ceangailte leis an ríomhphost ceada. Ba cheart an ríomhphost ceada agus an Fhoirm Éilimh Deontais a phriontáil agus a chur ar fáil don tuismitheoir
- Iarrtar ar scoileanna sonraí Múinteora/Cúntóra Riachtanas Speisialta a bheidh ar fáil chun páirt a ghlacadh ar an gclár a chur ar fáil don tuismitheoir más féidir
- Faoi théarmaí an Chláir Samhraidh Bailebhunaithe, ní féidir le tuismitheoir maoiniú le haghaidh páirt a ghlacadh mar Mhúinteoir/Chúntóir Riachtanas Speisialta dá bpáiste féin a fháil
- Ba chóir cóip den eolas ar na tacaíochtaí a d'fhéadfadh múinteoir/CRS a chur ar fáil don chlár samhraidh a chur ar fáil don tuismitheoir. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis seo faisnéis ar Phlean Pearsanta an Dalta (PPP) agus aon fhaisnéis ábhartha eile.

Tacaíocht – Ceisteanna Breise

Má tá deacracht ar bith ag an scoil maidir leis an Tairseach a úsáid, tá líne chabhrach ar fáil ag 090 648 4292 nó trí ríomhphost ag homebasedsummerprogram@education.gov.ie